


# EIPEASÓID 6: Ceacht 1 (Éisteacht leathan)

Físeán ar fáil anseo: https://snas.ie/lessons/cra-eipeasoid-6-ceacht-1
Féach ar an eipeasóid ina hiomláine sula dtugann tú faoin gceacht.



## A Cúrsaí Foclóra

1. Scríobh an focal cuí Gaeilge ón mbosca in aice le gach ceann de na focail Bhéarla sa liosta thíos. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

a thuairisciú faitíos ~~ionsaithe~~ pléascáin rabhadh
tuairisc theangeolaíoch cóir leighis a chrochadh maslach
leadrán ag iompar peaca ag cur fola ag tochailt

| Béarla | Gaeilge |
|---|---|
| attacks | ionsaithe |
| bleeding | |
| boredom | |
| digging | |

snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**Commented [AN1]:** Do bharúil faoin athrú seo, a Sophie?

Beidh an chéad cheacht bunaithe ar gach clár leagtha amach mar seo. Maidir leis na ceachtanna grinnéisteachta (1.2, 2.2, 3.2 srl), mholfaimis an fhoclaíocht seo a leanas:

Tá an ceacht seo bunaithe ar mhír ghearr as Crá Eipeasóid 1, ar fáil anseo [nasc]. Is féidir féachaint ar an mír sin cúpla uair agus tú ag obair ar an gceacht.

Ar mhiste leatsa sin a chur i bhfeidhm ar na cinn eile?

Níl na naisc againn go fóill ach is féidir linn iad a chur isteach ar ball.

| |
|---|
| explosives |
| fear |
| insulting |
| linguistic report |
| pregnant |
| sin |
| to hang, to frame |
| to report |
| medical treatment |
| warning |

2. Frásaí le tabhairt leat: Líonaigí na bearnaí sna frásaí thíos leis na focail chearta ón mbosca ar dheis. Cumaigí abairtí leis na frásaí ansin agus abraigí amach os ard iad dá chéile.

| Frásaí | Focail |
|---|---|
| Bhain an ________________ preab asam. | lá |
| A leithéid de ________________! | ag foghlaim |
| Tá an ________________ ina phraiseach. | sonraí |
| Tá sé ________________ ciall a bhaint as. | seomra |
| Tá do rás ________________. | Dia |
| Ag ________________ atá a fhios. | scéal |
| Tá ________________ amú ort faoi sin. | dul |
| Tháinig go leor ________________ chun solais. | deacair |
| Bíonn siad ________________ ar a gconlán féin. | rite |



Nod don eolach: Bíonn sé níos fusa frása a fhoghlaim in abairt ná leis féin!




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## B Tuiscint

1. *Roghnaigh na freagraí cearta (i, ii, iii).*

a) Cad a chonaic Conall ina fhís san ospidéal?
   i. Patsy ag cur fón faoi leaba Ray
   ii. Annemarie ag rith ón teach
   iii. Ray ag scríobh teachtaireachtaí

b) Cén fhianaise a thug Tara do Patsy?
   i. Fón Martin
   ii. Seaicéad dóite Martin
   iii. Pictiúr de Martin agus Sabine

c) Cén fáth a raibh Ciara-Kate cinnte nár scríobh Ray na teachtaireachtaí?
   i. Ní raibh na teachtaireachtaí ag teacht le stíl scríbhneoireachta Ray
   ii. D'inis Iarla di é
   iii. Ní raibh fón ag Ray

d) Cad a chonaic Conall i seomra leapa Annemarie a d'athraigh gach rud?
   i. Litir ó Sabine
   ii. Bráisléad a thug Art d'Annemarie
   iii. Pictiúr dá athair agus Annemarie

e) Cad a tharla do Sabine an oíche a fuair sí bás, dar le Annemarie?
   i. Mharaigh Ray d'aon ghnó í
   ii. Mharaigh Annemarie le scian í de thaisme
   iii. Mharaigh Patsy í

f) Cén cinneadh a rinne Conall faoi Annemarie ag deireadh na heipeasóide?
   i. Gan an fhírinne a insint do na Gardaí
   ii. Í a thabhairt isteach é féin
   iii. An scéal a chur ar an bpodchraoladh

2. *Bígí ag obair i mbeirteanna agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.*

   a) Cad a tharla i bhfís Chonaill san ospidéal? Cén tábhacht a bhí leis an bhfís níos déanaí san eipeasóid?
   b) Cén fáth ar tugadh bata is bóthar do Barry? An raibh Patsy cothrom leis, dar libh?
   c) Cad a tharla idir Annemarie agus Conall ag an óstán tréigthe? Cén fáth a ndearna sí an méid sin, dar libh?
   d) Cén fáth ar mhaígh Patsy gur Ray a mharaigh Sabine, dar léi féin?
   e) Cad é an pionós a chuir Conall ar Art? Cén tagairt staire/chultúrtha a rinne sé?
   f) An raibh an ceart ag Conall gan Annemarie a thabhairt isteach chuig na Gardaí ag deireadh na heipeasóide, dar leat? Cén fáth?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C Cumarsáid

## ■ 1: An chríoch

*Bígí ag obair i ngrúpaí. Tháinig go leor rudaí chun solais san eipeasóid dheireanach seo. Féachaigí ar na ceisteanna a bhí fós le freagairt ag tús na heipeasóide agus pléigí na ceisteanna le chéile ansin.*

| | |
|---|---|
| • Cé a sheol na téacsanna chuig Sabine? | • Cad a tharla d'Art ag deireadh an scéil? |
| • Cén fáth ar chuir Patsy isteach ar an bhfiosrúchán? | • Cén tslí a ndeachaigh Conall i bhfeabhas? |
| • Cad a tharla idir Annemarie agus Art? | • Cad a tharla idir Barry agus Ciara-Kate? |
| • Cé a mharaigh Sabine i ndáiríre? | • Cad a tharla do Martin? |

a) An bhfuil freagra agat ar gach ceist thuas?

b) Ar chuir aon chuid de na heachtraí thuas iontas ort?

c) An raibh tú ag súil leis an gcasadh deireanach (Annemarie)?

d) Ar tharraing an scríbhneoir gach rud le chéile go sásúil, dar leat?

e) Tabhair sampla de shraith theilifíse (nó scannán, nó leabhar srl.) ar thaitin/nár thaitin an chríoch leat.

## ■ 2: Cad a dhéanfaidh siad anois?

*Bígí ag obair i ngrúpaí. Déanaigí plé ar an saol a bheidh ag na carachtair thíos sna blianta amach romhainn. Ba cheart go mbeadh idir 2-5 abairt agaibh le haghaidh gach carachtair. Ansin cuirigí bhur dtuairimí i gcomparáid le tuairimí na ngrúpaí eile. An bhfuil sibh ar aon intinn faoi thodhchaí na gcarachtar?*




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# D Anailís Chriticiúil – Plota

## ■ 1: Banc Teanga

a) *Sula ndéanfaimid anailís chriticiúil ar* ***plota*** *sa tsraith Crá, beidh na focail seo a leanas ag teastáil uainn. Bígí ag obair i mbeirteanna agus pléigí an méid atá i gceist leis na teidil sa cholún ar chlé.*

| Teidil | Focail |
|---|---|
| Codanna den phlota | príomhphlota, fo-phlota, scéal laistigh de scéal eile |
| Struchtúr an scéil | tús, lár, deireadh, forbairt, buaicphointe, casadh/cor sa scéal, réiteach |
| Gnéithe den scéal | leid roimh ré (*foreshadowing*), fianaise, comhtharlú, fís / aisling, teannas, amhras, carachtar lárnach |
| Ag cur síos ar phlota | sásúil, dochreidte, casta, intuartha, gan choinne, corraitheach |

b) *Bígí ag obair i mbeirteanna. Léigí na frásaí seo amach os ard le chéile anois. Beidh siad ag teastáil uaibh agus sibh ag plé* ***plota*** *Crá ar ball.*

| Ag caint faoin bplota |
|---|
| Tosaíonn an príomhphlota nuair a ... |
| Is é buaicphointe an scéil ná ... |
| Tugann an leid roimh ré le fios go ... |
| Tarlaíonn casadh mór sa scéal nuair a ... |
| Réitítear an scéal nuair a ... |
| Tugann an scéal laistigh de scéal (m.sh. an podchraoladh) léargas dúinn ar ... |
| Cuireann an fhís/an bhrionglóid le teannas an scéil mar ... |




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## ■ 2: Struchtúr an phlota – plé agus samplaí

*Bígí ag obair i ngrúpaí. Líonaigí isteach an tábla le samplaí ó Crá. Tugtar samplaí ón síscéal Plúirín Sneachta chun cuidiú libh.*

| Céimeanna | Plúirín Sneachta | Crá |
|---|---|---|
| **Tús** | Tá leasmháthair éadmhar Phlúirín Sneachta ag iarraidh í a mharú. | |
| **Forbairt** | Éalaíonn Plúirín Sneachta. Téann a leasmháthair ar a tóir. | |
| **Casadh sa scéal** | Tugann an leasmháthair úll nimhe do Phlúirín Sneachta. | |
| **Buaicphointe** | Titeann Plúirín Sneachta ina codladh trom – ceaptar go bhfuil sí marbh. | |
| **Réiteach** | Pógann an prionsa í agus dúisíonn sí. | |
| **Deireadh** | Pósann sí an prionsa. Cuirtear pionós ar an leasmháthair. | |



## ■ 3: Leideanna roimh ré

*Is minic a thugtar leideanna dúinn agus muid ag féachaint ar chlár ar nós Crá faoin deireadh a bheidh ar an scéal. Is minic áfach nach dtugaimid na leideanna faoi deara. Uaireanta eile, tuigimid gur leideanna iad ach ní thuigimid cad a léiríonn siad. Bígí ag obair i mbeirteanna. Féachaigí ar na leideanna agus freagraígí na ceisteanna:*

- An t-iolar marbh
- Scairf Chonaill
- Fís Chonaill san ospidéal
- Grianghraf de Tara & Annemarie san óstán le hArt
- Deir Ray agus é ag fáil bháis, 'ar mhaithe leat féin, Balor, fág é'
- Tatú de chrotach ar ghualainn Patsy

a) Ar thuig tú ag an am gur leideanna a bhí iontu?

b) Cén leid a bhí á thabhairt sna samplaí sin?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## 4: Plota Crá

*Bígí ag obair i ngrúpaí agus pléigí na ceisteanna seo le chéile:*

a) Ar thaitin plota *Crá* libh? Cén fáth?

b) An raibh an plota róchasta, róshimplí, nó díreach ceart?

c) An raibh aon chuid den phlota nár thuig sibh?

d) Ar thuig sibh cé a mharaigh Sabine roimh dheireadh na sraithe?

e) Conas a chuidigh an scéal laistigh den scéal (Ciara-Kate agus a podchraoladh) leis an bplota, dar libh?

f) An raibh an deireadh sásúil, dar libh? Cén fáth?

g) Cén casadh sa scéal ba mhó a chuir iontas oraibh?




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# Nótaí an mhúinteora

## Aidhm

Is é aidhm ghinearálta SnasTV scafall a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge le cabhrú leo ábhar dílis closamhairc (*authentic audiovisual material*) ó chláir theilifíse TG4 a thuiscint agus a bheith ag foghlaim uathu. Tá sé mar aidhm ag an bpacáiste áirithe seo foghlaimeoirí a spreagadh chun taitneamh a bhaint as sraith theilifíse i nGaeilge, díreach mar a dhéanfaidís le hábhar i dteangacha eile, agus na scileanna cuí a fhorbairt le hanailís chriticiúil a dhéanamh ar an gclár.

## An cur chuige: éisteacht leathan agus grinnéisteacht

Tá dhá cheacht ag baint le gach eipeasóid sa phacáiste agus díríonn siad sin ar dhá chineál scileanna éisteachta:

- **An éisteacht leathan (*extensive listening*):** Díríonn ar chéad cheacht ar gach eipeasóid ar an éisteacht leathan. Éisteacht ar mhaithe le tuiscint ghinearálta atá i gceist leis sin. Ní gá gach focal a thuiscint; is leor príomhsmaointe an scéil a leanúint. Féachann na foghlaimeoirí ar an eipeasóid ina hiomláine, foghlaimíonn siad an stór focal is tábhachtaí a bhaineann leis an scéal, agus pléann siad an plota, na téamaí agus na carachtair.
- **Grinnéisteacht (*intensive listening*):** Sa dara ceacht a bhaineann le gach eipeasóid, dírítear isteach ar an ngrinnéisteacht; is é sin, éisteacht ghéar chúramach le mír ghearr amháin de chuid an chláir. Tugann sé seo deis don fhoghlaimeoir díriú ar ghnéithe ar leith den teanga: stór focal i gcomhthéacs, gramadach agus struchtúir teanga, fuaimniú agus saibhreas teanga. Cabhraíonn an cineál éisteachta seo le foghlaimeoirí tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar chruinneas agus ar cheartúsáid na teanga.

## Torthaí foghlama

Cuideoidh an pacáiste seo leis na foghlaimeoirí a bheith in ann:

- féachaint ar ábhar dílis Gaeilge go muiníneach, le fotheidil nó gan fotheidil
- straitéisí gníomhacha féachana a úsáid (sosanna, athsheinm, focail nua a thabhairt leo)
- scileanna éagsúla éisteachta agus tuisceana a fhorbairt trí mheán an ábhair closamhairc

## Leideanna don mhúinteoir

- **Leibhéil:** Tá na cleachtaí sa phacáiste ag teacht a bheag nó a mhór le leibhéil B1 agus B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach. Ní gá gach cleachtadh a dhéanamh. Roghnaigh na gníomhaíochtaí is oiriúnaí don rang. Má bhíonn meascán leibhéal ag na foghlaimeoirí sa rang, is féidir na cleachtaí éagsúla a úsáid le tacú leis an difreálú.
- **Obair bhaile:** Is féidir cuid de na cleachtaí a thabhairt mar obair bhaile.
- **Fotheidil:** Tá fotheidil i nGaeilge agus i mBéarla ar fáil anois ar Seinnteoir TG4. Is féidir na fotheidil sin a úsáid le tacú leis an tuiscint, de réir riachtanais na bhfoghlaimeoirí, m.sh. fotheidil i mBéarla a úsáid ag an tús, más gá, ach go mbeadh sé mar aidhm dul i dtreo na bhfotheideal Gaeilge nó gan a bheith ag brath ar na fotheidil de réir a chéile.





© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad


**Commented [AN2]:** Clómhéid 10 curtha againn ar an leathanach seo. Do bharúil, a Sophie?

Tá an treoir seo leasaithe againn beagán ionas go mbeifear in ann an tleathanach céanna a chur isteach i ngach ceacht gan é a chur in oiriúint do cheachtanna éagsúla. Ar mhiste leat é a chur isteach sna ceachtanna eile agus tú ag obair ar an leagan amach a bhaineann leo?

Míle buíochas!

## A Cúrsaí Foclóra (20 nóiméad)

1. Freagraí:

| Béarla | Gaeilge |
|---|---|
| attacks | ionsaithe |
| bleeding | ag cur fola |
| boredom | leadrán |
| digging | ag tochailt |
| explosives | pléascáin |
| fear | faitíos |
| insulting | maslach |
| linguistic report | tuairisc theangeolaíoch |
| pregnant | ag iompar |
| sin | peaca |
| to hang, to frame | a chrochadh |
| to report | a thuairisciú |
| treatment | cóir leighis |
| warning | rabhadh |

2. Na frásaí:

| Frásaí |
|---|
| Bhain an **scéal** preab asam – the story shocked me, took me by surprise. |
| A leithéid de **lá –** what a day! |
| Tá an **seomra** ina phraiseach – the room is in a mess. |
| Tá sé **deacair** ciall a bhaint as – it's difficult to make sense of it. |
| Tá do rás **rite** – you're finished. |
| Ag **Dia** atá a fhios – God only knows. |
| Tá **dul** amú ort faoi sin – you're wrong about that. |
| Tháinig go leor **sonraí** chun solais – many details came to light. |
| Bíonn siad **ag foghlaim** ar a gconlán féin – they learn autonomously. |

## B Tuiscint (15 nóiméad)

1. Freagraí:
   a – i; b – ii; c – i; d – ii; e – ii; f – i.
2. Freagraí: Tá na freagraí seo bunaithe ar an méid a tharla san eipeasóid agus ar thuairimí na bhfoghlaimeoirí féin méid a tharla.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## C Cumarsáid (25 nóiméad)

Is féidir ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh. Tá an dá ghníomhaíocht oiriúnach do leibhéal B2. Tá an chéad cheann níos oiriúnaí do leibhéal B1.

Léigh na treoracha ar fad leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad an méid atá le déanamh. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo le linn na gníomhaíochta.

Treoir bhreise – Cumarsáid 2 (Cad a dhéanfaidh siad anois?): Seo cúpla ceist a d'fhéadfá a chur ar na grúpaí más gá, chun iad a ghríosú chun cainte.

**CONALL**

- An bhfanfaidh sé sna Gardaí?
- An osclóidh sé Óstán an Chrotaigh arís?
- An bpósfaidh sé Annemarie?

**ANNEMARIE**

- An bhfillfidh sí ar Alasca?
- An mbeidh sí in ann maireachtáil leis an méid a tharla?
- An inseoidh sí an fhírinne choíche?

**PATSY**

- An rachaidh sí chuig an PSNI mar a bhí beartaithe?
- An mbeidh Ciara-Kate ag faire uirthi?
- An ndéanfaidh sí an cleas céanna arís le cás eile?

**BARRY**

- An bhfaighidh sé post nua?
- An rachaidh sé ar ais ag obair leis na Gardaí?
- An mbeidh aiféala air faoi Chiara-Kate?

**CIARA-KATE**

- An mbeidh rath ar an bpodchraoladh?
- Cé nó céard a bheidh mar sprioc aici an chéad uair eile?
- An mbogfaidh sí go dtí Carraig na nGall?

**ART**

- An éireoidh leis éalú ón bportach?
- An rachaidh sé isteach i dteach altranais?
- An mbeidh caidreamh maith aige le Conall choíche?

## D Anailís Chriticiúil (25 nóiméad)

### ■ 1: Banc Teanga

Tabhair deis dóibh na focail, na sainmhínithe agus na frásaí a phlé le chéile.

| Teidil | Focail |
|---|---|
| Codanna den phlota<br>(Na príomhchodanna atá mar chuid de scéal) | príomhphlota, fo-phlota, scéal laistigh de scéal eile |
| Struchtúr an scéil<br>(An chaoi a bhfuil an scéal eagraithe) | tús, lár, deireadh, forbairt, buaicphointe, casadh/cor sa scéal, réiteach |

 © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

| | |
|---|---|
| Gnéithe den scéal (Na huirlisí scríbhneoireachta a úsáideann an t-údar) | leid roimh ré (*foreshadowing*), fianaise, comhtharlú, fís / aisling, teannas, amhras, carachtar lárnach |
| Ag cur síos ar phlota (Na focail a úsáidimid chun plota a mheas) | sásúil, dochreidte, casta, intuartha, gan choinne, corraitheach |

## ■ 2: Struchtúr an phlota – plé agus samplaí

Tabhair deis do na grúpaí plé a dhéanamh ar na codanna éagsúla de phlota Crá. Mar shampla:

| Céimeanna | Plúirín Sneachta | Crá |
|---|---|---|
| **Tús** | Tá leasmháthair éadmhar Phlúirín Sneachta ag iarraidh í a mharú. | Faightear corp Sabine sa phortach. Tá Conall ag iarraidh fáil amach cé a mharaigh a mháthair. |
| **Forbairt** | Éalaíonn Plúirín Sneachta. Téann a leasmháthair ar a tóir. | Aimsíonn na Gardaí fianaise nua. Tá daoine éagsúla faoi amhras – Art, Ray, Conall. |
| **Casadh sa scéal** | Tugann an leasmháthair úll nimhe do Phlúirín Sneachta. | Aimsítear fón Sabine agus teachtaireachtaí ó leannán. Maraítear Ray. Ceaptar gurb eisean a rinne é. |
| **Buaicphointe** | Titeann Plúirín Sneachta ina codladh trom – ceaptar go bhfuil sí marbh. | Feiceann Conall bráisléad a thug a athair d'Annemarie ina seomra agus tuigeann sé go raibh caidreamh eatarthu. |
| **Réiteach** | Pógann an prionsa í agus dúisíonn sí. | Insíonn Annemarie an fhírinne do Chonall – ba thimpiste a bhí ann. |
| **Deireadh** | Pósann sí an prionsa. Cuirtear pionós ar a leasmháthair. | Fágann Conall a athair sa phortach. Coinníonn sé rún Annemarie. Tá deireadh leis an scéal. |

## ■ 3: Leideanna roimh ré

Tabhair deis don rang na ceisteanna faoi leideanna a phlé ina mbeirteanna. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

## ■ 4: Plota Crá

Abair leis na grúpaí na ceisteanna a phlé le chéile sula bpléifidh tusa iad leis an rang iomlán.